CUR SÍOS AR AN bPOST

Teideal	Cigire Sinsearach (Leibhéal 2) (Forfheidhmiú Uisce)
Uimh. an Phoist	001467
Suíomh an Phoist	Cigireacht Réigiúnach GCC: Baile Átha Cliath nó Corcaigh.
Cineál na Fostaíochta	Lánaimseartha, buan agus inphinsin i gcomhréir le Coinníollacha Ginearálta Fostaíochta na Foirne Buaine.
Réimse Oibre	Beifear ar socrúchán ar dtús san Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil sa rannóg um Fhorfheidhmiú Uisce agus féadfaidh an socrúchán athrú ó am go ham.
Dualgais agus Freagrachtaí	Tabharfar ról bainistíochta sinsearaí don duine a cheapfar, agus é/í ag tuairisciú don Bhainisteoir Clár, agus beidh sé/sí:

Dualgais ar Leith

- Ina c(h)eannaire ar fhoireann cigirí atá freagrach as rialacháin ábhartha uisce a fhorfheidhmiú;
- Páirteach sa phróiseas straitéiseach bainistíochta, lena n-áirítear bainistíocht agus measúnú feidhmíochta;
- Ag cur pholasaithe forfheidhmiúcháin GCC i bhfeidhm agus á gcomhordú ar bhealach comhleanúnach comhsheasmhach tráthúil;
- Rialacháin a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear páirt a ghlacadh in imeachtaí dlíthiúla;
- Ionadaíocht a dhéanamh ar son GCC ag cruinnithe náisiúnta agus idirnáisiúnta; agus;
- Forbairt chleachtais oibre, pholasaithe agus nótaí treoracha GCC a bhainistiú.

Dualgais Ghinearálta

- An fhoireann agus acmhainní eile a bhainistiú, lena n-áirítear buiséad a ullmhú, a bhainistiú agus a rialú;
- An fhoireann a bhainistiú, a spreagadh agus a fhorbairt trí chóras bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF), agus luachanna GCC a chothú;
- Cláir oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Miontuiscint shoiléir ar reachtaíocht ábhartha a fháil agus a chothabháil;
- Plé leis an bpobal, na meáin agus comhlachtaí seachtracha éagsúla;
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí agus coistí saineolacha an AE, náisiúnta agus/nó eile;
- Tuarascálacha Náisiúnta a ullmhú; agus
- Dualgais eile a dhéanamh a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham.

Riachtanais Inniúlachta	Leagtar amach thíos an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí iompraíochta atá riachtanach don phost seo. Ba chóir d'iarratasóirí fianaise a thabhairt ar na hinniúlachtaí seo ar an bhfoirm iarratais. Cuirfear na hinniúlachtaí seo san áireamh agus na hiarratasóirí á meas ag céim an ghearrliosta agus in agallaimh na n-iarratasóirí atá ar an ngearrliosta.

Oideachas agus Taithí

- céim chuí (Leibhéal 8 den NFQ) san Eolaíocht nó san Innealtóireacht

agus

- ar a laghad seacht mbliana taithí oibre *ábhartha*, lena n-áirítear ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

  - Léirmhíniú agus cur i bhfeidhm polasaí agus reachtaíochta comhshaoil.
  - Measúnú straitéiseach ar cháilíocht an screamhuisce, uisce dromchla, dramhuisce nó uisce óil.
  - Anailís agus léirmhíniú ar shonraí comhshaoil as a d'eascair forbairt cur chuige straitéiseach maidir le fadhbanna comhshaoil.
  - Sárscileanna anailíse sonraí.

Príomhinniúlachtaí

- meon an imreora foirne
- dea-scileanna cumarsáide
- aird ar leith ar chustaiméirí/pháirtithe leasmhara
- aird ar leith ar cháilíocht agus ar shoiléire oibre

Ceadúnas Tiomána

Ba chóir go mbeadh Ceadúnas Iomlán Tiomána Éireannach reatha ag iarratasóirí

Tuarastal

* €66,777 - €82,538 agus foráil leis go mbeidh dhá Incrimint Fhadtéarmacha tar éis 3 agus 6 bliana faoi seach ann don fhoireann bhuan ag barr an scála.

* (D'fhéadfadh scála mionathraithe a bheith i gceist do státseirbhísigh atá ann cheana. Tosaíonn ceapacháin nua ag an gcéad phointe ar an scála pá).

Saoire Bhliantúil

30 lá.

Dáta Deiridh

Ní mór foirmeacha iarratais atá comhlánaithe agus sínithe a bheith faighte tráth nach déanaí ná 5.00 p.m. ar an Luain, an 13 Samhain 2017.

Glacfar le foirmeacha iarratais, agus iad comhlánaithe agus sínithe, trí ríomhphost ag recruitment@epa.ie.

Nó (i gcás cruachóipe) ag:

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
Acmhainní Daonna
Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin
Co. Loch Garman.

Cuirfear painéal le chéile ar mhaithe leis an bpost seo a líonadh agus rachaidh sé as feidhm nuair a dheimhneofar go bhfuil duine ceaptha.